IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

I.R. UIMH. 323 DE 2005

Ordú Acht Na gCistí Infheistíochta, Cuideachtaí Agus Forálacha Éagsúla (Tosach) 2005

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN TSOLÁTHAIR BAILE ÁTHA CLIATH
Le ceannach díreach ó
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN,
BAILE ÁTHA CLIATH 2
Nó trí ordú poist ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, RANNÓG TRÁDÁLA POIST,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Guthán: 01 6476834/35/36/37; Faics 01 6476843)
Nó trí aon díoltóir leabhar

(Prn. uimh. A5/1027) **Praghas €0.76**

I.R. Uimh. 323 de 2005

Ordú Acht Na gCistí Infheistíochta, Cuideachtaí Agus Forálacha Éagsúla (Tosach) 2005

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 2 d'Acht na gCistí Infheistíochta, Cuideachtaí Agus Forálacha Éagsúla 2005 (Uimh. 12 de 2005), ordaímse, Mícheál Ó Máirtín, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, leis seo mar seo a leanas:

1. Ordú Acht na gCistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Éagsúla (Tosach) 2005 is teideal don ordú seo.

2. San Ordú seo, ciallaíonn "Acht" Acht na gCistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Éagsúla 2005 (Uimh. 12 de 2005).

3. Is é an 30ú lá de Mheitheamh an lá a dtiocfaidh na forálacha seo a leanas den Acht i bhfeidhm, eadhon –

    (a) Cuid 1, 2 agus 3,

    agus

    (b) ailt 29, 30, 38, 46, 56, 63 go 68, 70, 73(1), 73(2)(a),(b) agus (c), 73(4), 75 go 84 agus 87.

4. Is é an 1ú lá d'Iúil an lá a dtiocfaidh na forálacha seo a leanas den Acht i bhfeidhm, eadhon ailt 39 go 45, 47 to 55 agus 74.

5. Is é an 6ú lá d'Iúil an lá a dtiocfaidh na forálacha seo a leanas den Acht i bhfeidhm, eadhon –

    (a) alt 31 (ach amháin chun críche na n-achtuithe atá sonraithe san alt sin a aisghairm sa mhéid is a bhaineann siad le margadh rialaithe (laistigh de bhrí Threoir 2003/71/EC de Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ó 4 Samhain 2003) arna oibriú ag stocmhalartán aitheanta laistigh de bhrí Chuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990 (Uimh. 33 de 1990)),

    agus

    (b) ailt 32 go 37.

Is é an 1ú lá de Mheán Fómhair 2005 an lá a dtiocfaidh na forálacha seo a leanas den Acht i bhfeidhm, eadhon, ailt 73(2)(d) agus 73(3).



ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
an 30ú lá seo de Mheitheamh 2005

Mícheál Ó Máirtín
An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

NOTA MINIUCHAIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo agus ní airbheartaíonn sé bheith ina mhíniú dlíthiúil.)

Sonraíonn an tOrdú seo ceithre dháta a thiocfaidh forálacha sonraithe den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Éagsúla 2005 i bhfeidhm.